Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Deireadh Fómhair 2017**
**(OR. en)**

**13728/17**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2015/0289 (COD)**

**PECHE 411**
**CODEC 1692**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Deireadh Fómhair 2017 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2017) 633 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir leis an seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1006/2008 ón gComhairle |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2017) 633 final.

---

Faoi iamh: COM(2017) 633 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.10.2017
COM(2017) 633 final

2015/0289 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN
CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1006/2008 ón gComhairle**

GA GA

2015/0289 (COD)

## TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle i dtaca le glacadh Rialacháin ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 1006/2008 ón gComhairle**

### 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a tíolacadh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle<br>(doiciméad COM(2015) 636 final – 2015/0289 COD): | 10 Nollaig 2015 |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 25 Bealtaine 2016 |
| Dáta an tseasaimh ó Pharlaimint na hEorpa, an chéad léamh: | 2 Feabhra 2017 |
| An dáta a tíolacadh an togra leasaithe: | 14 Iúil 2017 |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 17 Deireadh Fómhair 2017 |

### 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Mar chuid dhílis d'athchóiriú an chomhbheartais iascaigh[1], mhol an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an Rialachán maidir le hÚdaruithe Iascaireachta (Rialachán FAR)[2] ina Theachtaireacht[3] maidir leis an ngné sheachtrach den chomhbheartas iascaigh in 2011. Fágfaidh an togra le haghaidh Rialachán maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha go neartófar an maoirsiú a dhéantar ar chabhlach iascaireachta seachtrach an Aontais Eorpaigh gach áit a n-oibríonn sé.

Is é is aidhm don togra seo athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha atá i Rialachán FAR le go ndéanfar rialáil níos fearr ar na haigéin, le go dtabharfar aghaidh ar na cuspóirí atá leis an gcomhbheartas iascaigh nua, agus le go mbeidh na rialacha sin comhsheasmhach leis an Rialachán um Rialú agus leis an Rialachán maidir le hiascaireacht neamhdhleathach,

1 Rialachán (AE) Uimh 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch 22).

2 Rialachán (CE) Uimh 1006/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le húdaruithe iascaireachta le haghaidh ghníomhaíochtaí iascaireachta a dhéanann soithí iascaireachta an Chomhphobail lasmuigh d'uiscí an Chomhphobail agus maidir leis an rochtain a bhíonn ag soithí tríú tíortha ar uiscí an Chomhphobail (IO L 286, 29.10.2008, lch 33).

3 COM (2011) 424, 13.7.2011

neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (IUU)[4]. Tá sé beartaithe freisin, leis an togra, cothroime iomaíochta a bhaint amach idir na cabhlaigh éagsúla le go mbeidh cabhlach iascaireachta an Aontais a bhíonn ag iascaireacht lasmuigh d'uiscí an Aontais faoi réir na rialacha céanna le soithí tríú tíortha a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais.

Tá rialacha nua ann lena rialófar údaruithe díreacha (dá ngairtear "comhaontuithe príobháideacha" freisin), chun aistriú míchuí go clár loingseoireachta tíre eile a chosc, cairtfhostú shoithí an Aontais a rialáil, agus bunachar sonraí um údaruithe iascaireachta a chruthú, lena n-áirítear cuid phoiblí agus cuid neamhphoiblí.

Tá an togra fothaithe ar an bprionsabal go bhfuil freagracht ar an stát brataí agus leagtar síos forálacha lena ndéanfaidh na Ballstáit bhrataí scagadh ar shoithí de réir critéir incháilitheachta ar leith sula gceadófar do na soithí iascaireacht a dhéanamh lasmuigh d'uiscí an Aontais. Fágfaidh forálacha diana maidir le faireachán a dhéanamh ar chabhlaigh go bhféadfar cosc a chur ar shoithí an Aontais iascaireacht a dhéanamh mura gcomhlíonfaidh siad na rialacha.

## 3. TRÁCHTANNA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN GCOMHAIRLE

### 3.1 Tráchtanna ginearálta maidir leis an seasamh ón gComhairle

Léiríonn an seasamh ón gComhairle an comhaontú polaitiúil ar thángthas air idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an 20 Meitheamh 2017. Tacaíonn an Coimisiún leis an gcomhaontú sin.

### 3.2 Leasuithe a rinne Parlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh

Tá comhaontú ann i bParlaimint na hEorpa faoi eilimintí nua a d'eascair as comhréitigh ar thángthas orthu leis an gComhairle le linn cruinnithe tríthaobhacha, ach, mar sin féin, níor imíodh ó sheasamh na Parlaiminte ar an gcéad léamh agus tá an seasamh sin curtha san áireamh sa chomhaontú polaitiúil críochnaitheach.

### 3.3 Forálacha a thug an Chomhairle isteach agus an seasamh ón gCoimisiún ina dtaobh

Imíonn seasamh na Comhairle ó sheasamh an Choimisiúin maidir le raon feidhme an togra, maidir leis na sainmhínithe atá ann, agus na nósanna imeachta chun údaruithe iascaireachta a eisiúint. Neartaigh an seasamh ón gComhairle forálacha maidir leis an gcóir chothrom, forálacha lena n-áirithítear go gcaitear go cothrom le soithí de chuid an Aontais a bhíonn ag obair laistigh d'uiscí an Aontais agus soithí a bhíonn ag obair lasmuigh díobh agus go bhfuil ar shoithí tríú tíortha a bhíonn ag obair in uiscí an Aontais cloí leis na coinníollacha céanna lena gcloíonn soithí an Aontais. Fágann sin go n-áirithítear cothroime iomaíochta trí chéile.

Tá an Coimisiún den tuairim go gcabhraíonn na hathruithe sin chun comhsheasmhacht an togra a neartú, gur simpliú agus sruthlíniú iad ar na nósanna imeachta dá bhforáiltear, go n-íoslaghdaíonn siad an t-ualach riaracháin agus go ndéantar tagairt a mhéid is féidir do na rialacha atá ann in eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh, i gComhaontuithe Idirnáisiúnta Iascaigh, lena n-áirítear Comhaontuithe le Tíortha Nordacha agus comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe (SFPA).

[4] Rialachán (CE) Uimh 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú (IO L 286, 29.10.2008, lgh. 1-32)

Leasaíodh an togra ón gCoimisiún, dá bhrí sin, chun foráil a dhéanamh maidir leis na bearta seo a leanas atá san áireamh sa chomhaontú polaitiúil:

Roinn 2 nua maidir le "gníomhaíochtaí iascaireachta faoi chomhaontuithe maidir le malartú nó comhbhainistiú". Cuireadh isteach an roinn seo chun soiléiriú a thabhairt ar raon feidhme an togra agus chun a áirithiú go mbeidh gach soitheach iascaireachta as tríú tír a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais cuimsithe faoin Rialachán.

Airteagal 5(1)(d) maidir le Critéir Incháilitheachta: "nach raibh sáruithe tromchúiseacha ann sna 12 mhí roimh iarratas a dhéanamh ar údarú iascaireachta". I gcás soithí de chuid an Aontais a bhfuil sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh lasmuigh d'uiscí an Aontais, moladh an critéar incháilitheachta sin mar réamhchoinníoll maidir le rochtain a fháil ar údarú iascaireachta. Bhí an Chomhairle den tuairim, áfach, gur córas é an critéar incháilitheachta sin a ghearrann pionós faoi dhó agus chuir sí in iúl go láidir go raibh sí ina choinne. Bhí an Pharlaimint i bhfabhar an chritéir, mar sin féin. Mar chuid de chomhréiteach ginearálta, tá an Coimisiún sásta an critéar incháilitheachta sin a bhaint as an téacs ar an gcoinníoll go gcomhaontaítear bunús dlí a thabharfaidh cead don Choimisiún, faoi Airteagal 7, idirghabháil a dhéanamh d'fhonn cosc a chur ar shoitheach iascaireacht a dhéanamh.

Airteagal 7(6) maidir le "Faireachán a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí iascaireachta": D'fhágfadh an fhoráil seo go mbeadh sé de chead ag an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh, mar rogha dheiridh, d'fhonn cosc a chur ar shoitheach iascaireacht a dhéanamh i gcás nach ngníomhaíonn an Ballstát brataí (an clásal aisghlámtha). Ní féidir leis an gComhairle glacadh leis an togra bunaidh ón gCoimisiún mar go síltear gur cur isteach ar inniúlachtaí an Bhallstáit brataí a bheadh ann. Tá an Pharlaimint i bhfabhar bunús láidir dlí a thabhairt don Choimisiún le go bhféadfaidh sé idirghabháil a dhéanamh d'fhonn cosc a chur ar shoitheach iascaireacht a dhéanamh mura bhfuil an soitheach sin ag cloí leis na rialacha.

Mar chuid de chomhréiteach ginearálta maidir le cead a bheith ag an gCoimisiún idirghabháil a dhéanamh chun cosc a chur ar shoitheach iascaireacht a dhéanamh, ghlac an Coimisiún leis an cead sin a theorannú do limistéir a bhfuil comhaontuithe idirnáisiúnta iascaigh i bhfeidhm iontu a chuireann ceangal ar an Aontas maidir le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh nó tríú tíortha faoi SFPAnna.

Airteagal 6(2): Oibríochtaí maidir le soithí a aistriú go clár loingseoireachta tíre eile: Ní dhéanfaidh soithí de chuid an Aontais iascaireacht in uiscí tríú tíortha neamh-chomhoibríocha de bhun Airteagal 31 agus Airteagal 33 de Rialachán IUU. Baineann Airteagal 31 leis an "aithint" a dhéanfaidh an Coimisiún, agus Airteagal 33 leis an "liostú" a dhéanfaidh an Chomhairle. Tá an Chomhairle den tuairim gur ar an gComhairle (tríd an gCinneadh uaithi) atá an dualgas tír a liostú mar thír neamh-chomhoibríoch, agus nach mbeadh aon éifeacht, i gcomhthéacs an togra seo, ag an "aithint" a dhéanfaidh an Coimisiún.

Mar chuid de chomhréiteach ginearálta, tá glactha ag an gCoimisiún leis go dtabharfaí fógra sé seachtaine don soitheach uiscí an tríú tír a fhágáil, a luaithe a aithneofar an tríú tír mar thír neamh-chomhoibríoch faoi Airteagal 31 de Rialachán IUU.

Airteagal 13 go hAirteagal 15 maidir le "deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a athleithdháileadh": De réir na rialacha atá ann faoi láthair, déanann an Coimisiún deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a athleithdháileadh (Airteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh 1006/2008 ón gComhairle) trí chinneadh ón gCoimisiún. Is é atá beartaithe leis an bhforáil maidir le cabhlaigh sheachtracha cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an t-athleithdháileadh sin a dhéanamh. Áitíonn an Chomhairle gur de bhun Airteagal 43(3) CFAE a dhéanfar an t-athleithdháileadh.

Mar chuid de chomhréiteach ginearálta, tá glactha ag an gCoimisiún leis an mbunús dlí sin maidir le deiseanna iascaireachta nár úsáideadh a athleithdháileadh.

Airteagal 26a maidir le "trasloingsiú": chuaigh sé crua ar an bParlaimint glacadh leis an sainmhíniú a thug an Chomhairle ar "gníomhaíochtaí iascaireachta" in Airteagal 3(g), agus d'áitigh sí nach bhfuil an sainmhíniú sin chomh hiomlánaíoch leis an sainmhíniú atá sa chomhbheartas iascaigh. Is é is mó a bhfuil spéis ag an bParlaimint ann "tabhairt i dtír" agus "trasloingsiú" a áireamh sa sainmhíniú sin, cé go gcruthódh an t-athrú sin ualach mór riaracháin do na húdaráis eisiúna i gcás na ngníomhaíochtaí sin. Mar chomhréiteach ar an gceist sin, ghlac an Chomhairle leis trasloingsiú ar an mórmhuir a chuimsiú faoi raon feidhme Airteagal 26a, mar aon le húdaruithe díreacha, lena n-áirítear réamhfhógra a thabhairt don Bhallstát brataí agus dualgas a chur ar na Ballstáit tuairisc bhliantúil a chur chuig an gCoimisiún. Tá glactha ag an gCoimisiún leis an gcomhréiteach sin toisc go gcabhróidh sé leis an gCoimisiún faisnéis a fháil faoi thrasloingsithe.

Airteagal 39(2) maidir le faisnéis sa bhunachar atá ar fáil don phobal: Sa togra ón gCoimisiún agus sa chur chuige ginearálta atá ag an gComhairle thángthas ar chomhaontú na sonraí a leanas a chur ar fáil don phobal: ainm agus bratach an tsoithigh, an cineál údaraithe, an t-am údaraithe agus an limistéar iascaireachta. Is é an seasamh a bhí ag an bParlaimint ina thaobh sin na sonraí a leanas a chur ar fáil: (1) uimhreacha CFR[5] agus IMO, (2) ainm, cathair agus tír chónaithe úinéir na cuideachta agus an úinéara thairbhiúil, agus (3) an cineál údaraithe agus deiseanna iascaireachta.

Ní féidir leis an gComhairle, ná leis an gCoimisiún, seasamh le héileamh na Parlaiminte mar atá sé faoi láthair mar go bhfuil ábhar imní ann maidir le cearta príobháideachais, cosanta sonraí agus cosanta leasanna tráchtála. Tháinig na comhreachtóirí ar chomhréiteach faoin gceist sin, is é sin go ndéanfar na sonraí a bhaineann le húinéir na cuideachta agus an úinéara thairbhiúil a shábháil ar an gcuid neamhphoiblí den bhunachar sonraí. Lena chois sin, cuirfear na sonraí seo a leanas ar fáil don phobal: (1) uimhreacha CFR agus IMO, (2) an cineál údaraithe lena n-áirítear spriocspeicis nó grúpa speiceas, agus (3) an t-am údaraithe agus limistéar na gníomhaíochta iascaireachta. Tá glactha ag an gCoimisiún leis an gcomhréiteach sin mar go gcuirfidh sé leis an trédhearcacht i gcomhréir iomlán leis na rialacha cosanta sonraí.

An seasamh ar an gcéad léamh a ghlac an Chomhairle an 17 Deireadh Fómhair 2017, neartaíonn sé príomheilimintí an togra ón gCoimisiún agus fágann sé go bhfuil téacs cothromaithe ann ina gcuirtear san áireamh na príomhbharúlacha a bhí ag Parlaimint na hEorpa, ag an gCoimisiún agus ag an gComhairle.

## 4. CONCLÚID

Tugadh sainordú do sheirbhísí dlí agus do dhlítheangeolaithe Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle na hathruithe ábhartha uile a dhéanamh ar an téacs. Dá bhrí sin, is ionann an doiciméad a tháinig as sin agus an comhaontú ar tháinig na comhreachtóirí air an 20 Meitheamh 2017.

[5] Uimhir an tsoithigh ar Chlár Cabhlaigh an Chomhphobail.